

# Polasaí Labhairt na Gaeilge Ghaelscoil Bhaile Brigín.

## 1. Réamhrá agus Réasúnaíocht:

Cuireadh an plean seo le chéile i gcomhairle le páirtithe iomlána na scoile i mí Dheireadh Fomhair 2007. Beartaíodh an plean seo a chur le chéile chun go mbeadh cur chuige cuimsitheach, aontaithe i measc phobal na scoile chun tabhairt faoi cur chun cinn na Gaeilge labhartha do chuile bhall do phobal na scoile, idir dhaltáí, mhúinteoirí, thuismitheoirí agus lucht an bhoird. Baineadh úsáid as dea-chleachtas na scoile agus taighde idirscoile, chomh maith len n-Ár bPolasaí Gaeilge (Gaelscoileanna), Polasaí agus Cleachtas Ghaeilge sa Ghaelscoil (An Foras), Curaclam Teanga na Bunscoile, Curaclam Thuaisceart Éireann bunscolaíocht, Mac Corraidh (2008) Ó Ceallaigh (2016) agus Ní Longaigh (2015), mar fhoinsí taighde.

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí i gcomhairle le baill an chomhphobail scoile i 2017.

Tá an tumoideachas iomlán aitheanta ar fud an domhain mar an córas is éifeachtaí chun an dara teanga a mhúineadh/shealbhú i suíomh scolaíochta. Ciallaíonn córas tumoideachais go dtumtar an páiste sa Ghaeilge go hiomlán ón gcéad lá ariamh. Chun gur féidir le páiste a chumas iomlán a bhaint amach sa chóras oideachais, bainimid úsáid as an tumoideachas iomlán i nGaelscoil Bhaile Brigín. Le Curaclam Teanga na Bunscoile nua tugtar aitheantas faoi leith do luachanna agus do bhuntáistí an tumoideachais agus tá an luath-thumoideachas iomlán ceadaithe go dtí tús Rang 1. Tá an leathnú seo go dtí tús Rang 1 á chur i bhfeidhm le Naíonáin Bheaga 2016.

Aithnítear sa chóras go mbíonn páistí, ó am go ham gurb í an Ghaeilge an teanga baile atá acu agus is gá go dtabharfaí aghaidh ar na sainriachtanais teanga i leith a gcuid scileanna teanga a aitint agus a shaibhriú.

Chun ár sprioc mar Ghaelscoil a bhaint amach, is gá cuimhniú air i gconáí gur gá béim nach beag a chur ar an nGaeilge mar mheán cumarsáide. Caithfidh an Ghaeilge a bheith ina meán cumarsáide i measc na ndaltaí lasmuigh den seomra ranga agus ina meán riaracháin maidir le gnó na scoile i gcoitinne.

Ba chóir do mhúinteoirí, nuair is cuí, an fhoghlaim a chomhtháthú ar an gcuraclam agus deiseanna a thapú teanga riachtanach an pháiste (saintearmaíocht) agus teanga chomhoiriúnach an pháiste (an teanga atá de dhíth leis an bhfoghlaim a dhéanamh) a threisiú. Is í an Ghaeilge eochar na foghlama dár gcuid daltaí agus is é an múinteoir an príomhfhoinsé teanga atá acu chun dul i ngleic leis an gcuraclam agus leis an bhfoghlaim.

## 2. Aidhmeanna agus Cuspóirí:

- 1) Go mbeadh an Ghaeilge mar theanga cumarsáide i measc na ndaltaí agus foirne i ngach gné de shaol na scoile - sna ranganna, ar an gclós, ag imeachtaí iarscoile agus idirscoile agus aon imeacht eile go mbuaileann pobal na scoile le chéile.
- 2) Go mbeadh an Ghaeilge labhartha d'árdchaighdeán ag daltaí na scoile.
- 3) Go mbaineadh pobal na scoile taitneamh as an nGaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide.
- 4) Go mbeadh bród ar an bpobal an Ghaeilge a úsáid.

- 5) Go ndéanfadh Bord Bainistíochta na scoile a gcuid gnó (idir cruinnithe a reachtáil agus a chuid gnó a chur i gcrích) ar fad trí mheán na Gaeilge.
- 6) Go dtacódh an bord leis an bhfoireann agus leis an bpríomhoide lena gcuid iarrachtaí an Ghaeilge a chur ar aghaidh mar theanga cumarsáide na scoile.
- 7) Go bhfostódh an bord rúnaí, feighlí agus cúntóirí riachtanais speisialta le Gaeilge chomh fada is gur féidir
- 8) Go gcinnteodh an scoil go bhfuil na sacraimintí curtha ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- 9) Go mbeadh sé mar aidhm ag Coiste na dTuistí a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge nó go dhátheangach (ar a laghad) on oiread is gur féidir.
- 10) Go dtacódh an scoil le tuismitheoirí atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a fheabhsú trí eolas a chur ar fáil faoi ranganna Gaeilge atá ar fáil cheana féin, nó nuair is féidir ranganna Gaeilge a chur ar fáil.
- 11) Go gcuirfí béim ar thraidisiún na Gaeilge agus ar an gcultúr Gaelach, idir spoint, drámaíocht, ceol, turais chuig ceantair Ghaeltachta agus imeachtaí idir scoile le Gaelscoileanna eile.
- 12) Go gcuirfear in iúl do thuistí tábhacht a ról ó thaobh na Gaeilge de i ndul chun cinn a gcuid páistí sa saol Gaelscolaíochta, le linn an saol scoile ar fad.

### 3. An Ghaeilge sa Seomra Ranga:

Baintear úsáid as na stráitéisí seo a leanúint chun tacú leis an bhforbairt teanga sa chóras tumoideachais. Is stráitéisí aitheanta idirnáisiúnta iad chun tacú le forbairt an dara teanga. (Snow 1990)

- Tacaíocht chomhthéascúil
- Geaitsíocht
- Drámaíocht
- Athrá /rannta
- Postaeir/pictiúir/lipéid
- Teanga ar leibhéal níos éasca/tiúin chainte an mhúinteora/luas na cainte a chur in oiriúint
- Ábhar concreideach/fearas - gan leabhair mhata/OSIE a bheith ann- breis ama d'fhorbairt teanga
- Réamhmhúineadh tearmaíochta msh múinteoir tacaíochta ag sainmhúineadh d'Aistear
- Aiseolas leantach
- Ag cinntiú tuisceana - ionchur sothuigthe

#### A. Ról an Mhúinteora:

Tá ról faoi leith ag an múinteoir i gcur chun cinn na Gaeilge agus do threisiú an chaighdeáin Ghaeilge.

- Foinse teanga é an múinteoir
- Eiseamláir teanga é an múinteoir
- Ról i leith bróid a spreagadh chun na Gaeilge
- Foinse cruinnis
- Moladh agus múnlu a dhéanamh i leith na teanga
- Ról ag an múinteoir i leith an chaighdeáin a choinneáil
- Is gá d'fhoghlaimoirí teanga a ghinniúint agus a chur i láthair ar mhaithe le teanga a shealbhu- ról sonrath anseo don mhúinteoir leis na deiseanna sin a chruthú
- Bíonn ar dhaoine idirghníomhú agus comhoibriú le daoine eile ar mhaithe le teanga a fhorbairt - ról don mhúinteoir obair bheirte/ghrúpa a chur chun cinn
- A bheith aireach maidir le stráitéisí múineadh agus foghlaim teanga

- Pleanáil chuí a dhéanamh, ag díriú ar mhúineadh na teanga taobh istigh de gach ábhar. Is gá don phleanáil seo aghaidh a thabhairt ar theanga shóisialta, acadúil agus chognaíoch an pháiste. Ba cheart don mhúinteoir aire faoi leith a thabhairt ar chruinneas gramadaí agus múineadh foclóra chomh maith
- A bheith aireach faoi ionchur theanga an mhúinteora m.sh léiríonn an taighde go mbaintear úsáid as an Aimsir Láithreach 75% den am, Aimsir Chaite 14-15%. Aimsir Fháistineach 6-8% agus an Modh Coinníollach 3%. Is gá a bheith aireach faoi seo
- Is gá iachall a chur abairtí iomlána a úsáid
- Tuairisciú ar a chéile agus macallú a úsáid mar mhodheolaíocht le deiseanna a chruthú dona scoláirí a gcuid scileanna ginnchumais (labhairt agus scríobh) a fhorbairt
- Díriú go sonrach ar na tréithe breise sa Churaclam Teanga Nua a fhorbairt

## B. Na Naíonáin:

*Is é nádúr an Luath-thumoideachas iomlán go n-iarrtar ar pháistí éisteacht níos curamaí agus leideanna amhairc, clois agus comhthéacsanna a léamh níos mine. Ar an ábhar go mbíonn siad ag malartú idir 2 theanga bíonn ar na páistí príomhphointí eolais a chuirtear i láthair ó bhéal nó ó théacs i dteanga amháin a shainnithint agus an t-eolas sin a chur i láthair athuair i dteanga eile (Curaclam Thuaisceart Éireann). Chuige sin, is gá am proiseála sa bhreis a chur ar fáil do pháistí an chórais lán-Ghaeilge agus am freagartha a mhéadú chun go mbeidh deis ag na páistí freagraí cuimsitheacha a fhorbairt, ag áireamh ceist na teanga.*

- Nach mbainfidh na múinteoirí úsáid as an modh ordaithe chun go sealbhóidh na daltaí struchtúr na habairte
- Leanfar plean na scoile ó thaobh litearthacht na Gaeilge a mhúineadh. Déantar scileanna réamhleitheoireachta ar fad trí mheán na Gaeilge. Aithnítear gur gá cumas tuisceana agus labhartha na bpáistí a fhorbairt i gcomhthéacs sular féidir tabhairt faoi na scileanna leitheoireachta agus scríbhneoireachta.
- Báitear na daltaí sa Ghaeilge ón gcéad lá ariamh. Tá an luath-thumoideachas iomlán i bhfeidhm go dtí tús Rang 1 ó Mheán Fomhair 2017.
- Baintear úsáid as Aistear chun scileanna labhartha an pháiste a fhorbairt. Déantar réamhphleanáil ar na habairtí, an teanga shóisialta agus an saintearmaíocht a bheidh de dhíth ar an bpáiste don Aistear agus déantar iad seo a léirmhúineadh le tacaíocht ón mhúinteoir tacaíochta.
- Tugtar aitheantas do thábhacht na gcéimeanna foghlama, i. Scileanna glacacha (ag éisteacht, ag aithint fuaimeanna srl) ar dtús srl, ansin déantar forbairt ar na scileanna giniúna msh aithris, athrá, frásaí, tús na teanga a úsáid
- Baintear úsáid as Séideán Sí.
- Baintear úsáid as an gClár Luath Leitheoireachta
- Baintear úsáid as scéimeanna ar nós Féasta Focal chun cur le scileanna litearthachta an pháiste
- Baintear úsáid as aithris agus athrá,
- rólaithe,
- amhránaíocht agus vearsaíocht,
- deasghnátha an ranga a dhaigniú trí Ghaeilge, nuacht phearsanta,
- síorchaint an mhúinteora,
- saorimirt,
- foclóir agus nathanna faoi leith a mhúineadh,
- a chur i gcuimhne dóibh an Ghaeilge a labhairt,
- cluichí a mhúineadh dóibh,
- díriú ar riachtanais an pháiste.
- Gníomhaíochtaí atá leabaithe i gcomhthéacs
- Leibhéal ard gníomhaíochta ag daoine fásta le páistí

- Cothromaíocht chuí idir gníomhaíochtaí teanga múnlaiteh, roinnte agus faoi threoir Bheimís ag súil go mbeadh na Naíonáin ag déanamh na rudaí seo a leanas i nGaeilge:
  - Beannachtaí
  - Deasghnátha an lae CF Polasaí Gaeilge

Bheimís ag súil le go ndéanfaidh gach páiste an Ghaeilge atá acu a úsáid.

### C. **Spríocanna áirithe:**

- Bheifí ag súil go mbeadh na Naí Bheaga ag úsáid na bhfrásaí foghlamtha de réir mar atá siad múinte agus a bheadh ag baint úsáide astu timpeall na scoile
- Bheifí ag súil gur i nGaeilge amháin a bheadh na páistí ag déanamh cumarsáide tar éis na Nollag sna Naíonáin Mhóra
- Bheifí ag súil go mbeadh Rang 1/2 ar an nGaeilge amháin agus nach mbeadh aon Bhéarla in úsáid acu
- Bheifí ag súil go mbeadh Rang 3/4 ag baint úsáide as an bhféincheartú
- Bheifí ag súil go mbeadh Rang 5/6 ag baint úsáide as Gaeilge chruinn, shaibhir.
- An Cuan: bheifí ag súil go mbeadh an tuiscint agus iarracht chun cinn i ngach a dhéanann siad. Sa Chuan Sinsearach bheifí ag súil gur Gaeilge amháin a bheadh in úsáid. Go n-aithneofaí gur féiniméan nádúrtha é an moill teanga go minic le páistí le hUathachas toisc bac cumarsáide agus soisialta de dheasca an 2 lagú agus chuige sin gur féidir le moill a bheith ann agus na páistí ag dul i mbun úsáid na Gaeilge ach gur gá a bheith á mealladh agus á moladh chun í a úsáid.

### D. **Rang 1-6:**

Bheimís ag súil faoin am go mbaineann na daltaí Rang a hAon amach, go mbeidh sé de chumas acu an Ghaeilge a úsáid mar theanga cumarsáide sa rang agus sa chlós. Bheimís ag súil nach mbeadh deacracht acu faoin am seo athrú ó theanga amháin go teanga eile.

Beidh rian an Bhéarla ar Ghaeilge na ndaltaí ag an léibhéal seo. Faoin am go mbaineann siad rang a 3 amach, go minic tagann cailciú ar a gcuid Gaeilge - ie go mbaineann páiste léibhéal faoi leith agus nach bhforbraíonn sé ansin, go mbíonn Gaeilge "líofa lofa" in úsáid. Is gá dúinn aghaidh a thabhairt ar seo chun é seo a laghdú.

Seo a leanas roinnt bealaí atá in úsáid againn chun aghaidh a thabhairt air:

- "Scéim Chruinneas na Gaeilge - cluichí agus ceachtanna a chumadh agus a mhúineadh chun dul i ngleic leis na botúin is coitianta -
- leabhar Gaeilge ar an gclós - áit go ndéafar taifead ar na botúin nó riachtanais theanga is coitianta. Dífeofar orthu siud ag tionól, taifead dena botúin nó riachtanais na ndaltaí sa rang agus úsáid a bhaint astu agus tú ag pleanáil ceachtanna na Gaeilge. Cuireadh an Plean Cruinnis le chéile bunaithe air seo agus is gá do mhúinteoirí aghaidh a thabhairt air sin Ceachtanna a chumadh timpeall orthu - tabhairt futhu ag an Tionól agus sa rang - cluichí le múineadh.

Rialacha cinnte a bheith leagtha síos:

- A mheabhrú dóibh gur gá a bheith ag labhairt Gaeilge
- Córas dearfach a bheith i bhfeidhm sa rang - gaeilgeoir na seachtaine/teastais ar chrochadh/clár na bhfógraí/
- Coras aontaithe leis an rang - má labhrann siad Béarla ar bhonn leanúnach, go pléfead é leis na tuistí - go mbeidh sé mar chuid lárnach de chód iompair na scoile -

Tá sé an-thábhachtach go dtuigeann gach ball foirne an tábhacht a bhaineann leis an síormholadh chun an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn mar theanga cumarsáide sa scoil. Chuige sin, ba chóir go mbeadh an moladh mar mhodh seasmhach ag múinteoir chun Gaeilge labhartha a chur chun cinn.

## E. An Ghaeilge taobh istigh den Churaclam:

Is gá don mhúinteoir pleanáil chuí a dhéanamh ó thaobh fhorbairt teanga de i ngach ábhar, ag díriú ar an teanga a bheidh de dhíth le fiosrú, cur in iúl, luacháil, malartú agus smaointéireacht chriticiúil a dhéanamh.

Baintear úsáid as réimse leathan de stráitéisí chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga chumarsáide sa scoil agus chun díriú ar chúrsaí cruinnis. Ní liosta críochnaithe é seo ach moltar do mhúinteoirí na stráitéisí seo a inshealbhú ina gcuid múinteoireachta.

- Focal an Lae
- Banc Aidiachtaí agus Briathra a chruthú
- FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga) - ag díriú ar réimse teanga taobh istigh d'ábhar eile msh gné den Aimsir Ghnáthchaite i gceacht Staire - ní bheadh i gceist go múinfí an Aimsir Ghnáthchaite sa cheacht ach go múinfí frásaí faoi leith srl faoi/ag forbairt foclaíochta a bhaineann leis an áhar sin agus saintearmaíocht na n-ábhar eile a léirmhúineadh agus suímh a chruthú go mbeidh deiseanna ag na páistí an tearmaíocht a úsáid
- An Fhoirmdhírithé -
  - ag díriú airde ar an mbotún - ag cur béime ar an spriocstruchtúr
  - Feasacht a ardú - deiseanna a chruthú chun anailís agus macnamh criticiúil a dhéanamh air
  - Deis chleachtaithe - faoi struchtúr ar dtús agus ansin go cumarsáideach.
- Aiseolas Ceartaitheach -
  - Athmhúnlú
  - Leideanna a thabhairt
  - Soiléiriú a lorg
  - Earráid a athá
  -
- Na Tréimshí Cumarsáide sa cheacht Ghaeilge a úsáid i.
  - Réamhchumarsáid - múineadh foclóra/eiseamláirí srl
  - tréimshé cumarsáide - ag cruthú deiseanna cumarsáide a dhéanamh chun na heiseamláirí a inshealbhú, I
  - archumarsáid - dul siar agus dul i ngleic le pointí gramadaí/botúin a tháinig chun solais
- Foclóir Pearsanta ag na páistí
- Cluichí Cainte
- Aistear
- Roinntear na heiseamláirí ón gCuraclam ar mhúinteoirí ranga go mbeidh cóip crua acu sa seomra le crochadh. Ba cheart go gcabhródh sé seo iad a choinneáil chun cinn san intinn.
- Roinntear frásaí Gaeilge bunaithe ar an gClár "Building Bridges" ar na múinteoirí chun eiseamláirí an churaclaim Ghaeilge a chur chun cinn
- Timpeallacht phrionta-saibhir a úsáid
- Balla na Gaeilge a bheith sa seomra ranga
- Cóipleabhar gramadaí a bheith ag páistí
- Baintear úsáid as réimse spéise an dalta mar thúsphointe
- Is gá go mbeadh dushlán i gceist le foghlaim teanga
- Muinín an pháiste a ardú
- Is gá go mbeadh pleanáil don Ghaeilge traschuraclaim a bheith ina dlúthchuid d'obair an mhúinteora go ndéanfaí ceangail le teanga agus an fhoghlaim
- Suíomh CCEA a úsáid
- Séideán Sí, An Clár Luathleitheoireachta, Snas ar Scéal, Féasta Focal
- Nós de chomhrá ranga a chothú; áit a ndéantar plé ar an nGaeilge
- Is gá aghaidh ar leith a thabhairt do riachtanais teanga agus an múinteoir i mbun pleanála ó thaobh gach ábhar de.
- Go bhfuil sé ar chlár ama an mhúinteora go gcaithfí 15 nmd in aghaidh na seachtaine ar theoric maidir le labhairt na Gaeilge - cén fáth/bród a chothú srl

#### F. Ag dul i ngleic leis na botúin:

Déantar measúnú ar bhonn rialta ar na botúin is coitianta a bhíonn in úsáid ag na páistí. Rinneadh liosta a chuimsiú agus tá siad snite tríd an bPlean Cruinnis sa ghné Gramadach na Míosa. Baintear úsáid as réimse dena stráitéisí seo a leanas chun dul i ngleic leis na botúin is coitianta.

- Athrá/aithris
- Aiseolas ceartaitheach (féach thuas)
- Frásaí na seachtaine/míosa/nathanna
- Moladh as Gaeilge Chruinn a úsáid
- Leaganacha Cearta dena botúin a bheith crochta in airde
- Díriú ar na botúin is coitianta i gcomhthéacsanna éagsúla, go háirithe in ábhair eile
- Na botúin a lua arís agus arís eile
- Nóta a dhéanamh dóibh ina gcuid coipleabhar
- Balla Gaeilge a bheith ann (seo go mór sa Chuan)
- Lipéidí in úsáid sa seomra ranga
- Amhránaíocht
- Scrudaithe
- Feasacht a árdú
- Plean Cruinnis a leanúint
- An Clár "Bain Súp As" in úsáid
- Ag diriú ar scileanna ginchumais - cúrsaí gramadaí agus réimse foclóra
- Am a chur ar leataobh ag an tréimhse pleanála le díriú ar stráitéisí le dul i ngleic le hearráidí a shárú

#### 4. An Ghaeilge taobh amuigh den Seomra Ranga:

Le go mbeidh an Ghaeilge mar ghnáththeanga cumarsáide is gá don fhoireann ar fad a bheith feasach maidir le labhairt na Gaeilge fud fad na scoile. Seo a leanas cuid dena stráitéisí a úsáidtear chun an Ghaeilge a chur chun cinn taobh amuigh den "cheacht"

- Bítear ag súil gur i nGaeilge amháin atá gach cumarsáid
- Cinnirí Gaeilge
- Scéim an Ghaelbhartaigh
- Timpeallacht Phrionta-saibhir
- Seachtain na Gaeilge
- Ceangail le scoileanna eile msh Gaelscoil an Bhradáin Feasa, Ros Eo, Gaelscoil Riabhach agus an Gaelcholáiste. Tá sé seo tábhachtach go mbeidh deiseanna acu an Ghaeilge a labhairt le daoine taobh amuigh den scoil
- Gaeilgeoir na Seachtaine
- Gaeilgeoir an Lae (Sa Chuan)
- Tionól mar áis spreagtha - baintear úsáid as se oar bonn coicíse chun aird na scoile a dhíriú ar thábhacht labhairt na Gaeilge
- Déanfaidh na múinteoirí "Labhairt na GAeilge" a bheith ar a gclár ama gach seachtain - áit a dhéanfar plé ar thábhacht na Gaeilge agus áit na Gaeilge ag an scoil, sa sochaí, acu féin mar mhuintir na hÉireann srl
- Déanfaidh an príomhoide seisiúin phlé le ranganna maidir le labhairt na Gaeilge
- Class Dojo - córas na bpointí
- Mírlíní - córas na bpointí

- Duaiseanna
- Féincheartú a spreagadh
- Úsáid a bhaint as rudaí nua-aimseartha msh Seo-Linn, TG4, na meáin shóisialta,
- Turas Rang 6 chuig an nGaeltacht
- Blag na Scoile
- Fiseáin a chruthú
- Timpeallacht na Scoile a mhaisiú: postaeir, obair na bpáistí, comharthaí. Nósanna cainte soisialta ar chrochadh srl

### An Ghailge i gClós na Scoile

Aithnítear an tabhacht a bhaineann le clós sugartha scoile i saol scoile an pháiste bhunscoile sa lá ata inniu ann. Toisc gur suíomh cumarsáide é chlós na scoile caithfear diriú ar riachtanais teanga na bpáisti go foirmiúil sula dteann said i mbun na gníomhaíochtaí/ gcluichí as a stuaim féin

Toisc go bhfuil sé mar sprioc ag an ngaelscoil deis a chur ar fáil do pháistí saol scoile iomlán a chaitheamh trí Ghaeilge, tá tábhacht thar cuimse le polasaí láidir scoile i leith labhairt na Gaeilge sa chlós. Ní hé amháin go bhfuil curamaí feitheoireachta ar an múinteoir sa chlós, ach tá curamaí dochta teanga comh maith. Caithfidh an múinteoir a bheith ag éisteacht de shíor agus ag tabhairt airde ar an teanga atá in úsáid agus atá de dhíth ar na páistí.

Déanfaidh an múinteoir múnlu ar an teanga go dearfach ar na h-éilimh áirithe a thagann chun cinn mar shampla, 'pinch se mise', 'ar bhain se tuisle asat ?'.

Toisc go gcreidimh láidir nar choir go mbeadh an Ghaeilge mar bhac ar aon pháiste sa chlós, tá ullmhuchán roimh chlós tábhachtach. Tá sé riachtannach go mbeadh freastal déanta ar an teanga a bheidh ag teastáil ó pháisti roimh ré. Déantar cleachtadh ar an teanga seo go rialta. Is fiú deis a thabhairt don pháiste triail a bhaint as sa chlós i dteannta an mhúinteora.

Is fiú daltaí ó na h-árdranganna a úsáid i rith am sosa agus am lóin chun cabhrú leis na naíonáin sugradh as Gaeilge go h-airithe ag tús na bliana.

An rud is tábhachtaí ná aon dea-iarracht sa chlós a mholadh agus aitheantas a thabhairt dá reir. Is féidir duaiseanna agus comortais a úsáid chun labhairt na Geilge a spreagadh. Molfar go mbeidh comórtas faoi leith gach tearma:

Tearma 1 :Gaeilgeoir na seachtaine , Gaeilgeoir an chlóis, la airgid, Lá Órga.

Tearma 2 : Rang na seachtaine le duais ag deireadh an tearma ( Turas chuig an amharclann )

Tearma 3 : Déanfar taighde

- Déanann gach múinteoir "Cluichí" mar an chéad snáith sa chlár CO i Meán Fomhair agus díritear ar tearmaíocht agus cluichí clóis sa chuid sin
- Baintear úsáid as "Spreag an Ghaeilge le Spraoi"
- Tá nathanna clóis crochta ag na doirsí agus tá frásaí an chlóis le léirmhúineadh
- Déantar obair ar scileanna sóisialta

## AG LABHAIRT BÉARLA- POLASAI IOMPAIR-

Aithníonn foireann na scoile an tábhacht le heispearas dearfach a chruthú agus a chothú i leith labhairt na Gaeilge sa scoil. Tá réimse leathan de stráitéisí curtha chun cinn chun an Ghaeilge labhartha a mhealladh agus a mholadh. Tarlóidh sé ó am go ham áfach go mbeidh scoláirí ag labhairt Béarla d'aonghnó.

Breathnaítear ar Labhairt an Bhéarla d'aonghnó mar shár-bhriseadh rialacha agus pléfead leis i gcomhthéacs an pholasáí iompair atá leagtha amach ag an scoil.

Is féidir go mbainfí pribhléidí ag an tús agus go leanfar leis tríd céimeanna an pholasáí msh nóta abhaile, cruinniú le tuiste/leis an bpríomhoide/an bord agus ansin ar fionraí nó díbirt.

### 5. Páistí le Riachtanais Speisialta Oideachais:

Creidtear go láidir i nGaelscoil Bhaile Brigín gur féidir le haon pháiste, beagbeann ar a gcuid RSO freastal ar an gcóras lán-Ghaeilge agus a mianach a bhaint amach, ach na tacaíochtaí cuí a bheith curtha ar fáil dóibh. Is scoil uilechumsitheach í Gaelscoil Bhaile Brigín agus déantar gach iarracht an oiliúint chuí a chur ar fáil do mhúinteoirí agus na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do gach páiste. Seo a leanas roinnt dena stráitéisí a mholtar le cabhrú le páistí le RSO:

- Déantar tacaíocht foghlama a chur ar fáil ar feadh tearma amháin gach bliain do thacaíocht na Gaeilge. Is féidir go mbeadh cuid den 3ú téarma ag díriú ar an nGaeilge chomh maith, ag braith ar riachtanais an ranga. Mar chuid den mhúnlu, cuirtear tacaíocht inranga ar fáil sa Ghaeilge chomh maith.
- Cuirtear stáisiún amháin ar fáil atá dírithe ar an teanga nuair atá stáisiún ar siúl
- Roghnaítear eiseamláirí faoi leith le díriú orthu
- Déantar scileanna sóisialta a léirmhúineadh agus múintear an teanga cuí sa chomhthéacs sin.
- Baintear úsáid as CRS ó am go chéile chun cabhrú leis seo; áit go ndéantar grúpaí sóisialta ag am lóin.
- Cuirtear grúpaí teanga agus grúpaí sóisialta ar fáil ag leibhéal na Naíonán
- Déantar idirdhealú do pháistí le RSO, go ndéantar an teanga a shimpliú. Tá sé tábhachtach a thabhairt san áireamh anseo áfach go bhfuil sé ríthábhachtach go bhfuiltear ag súil le caighdeán áirithe chomh maith, nach féidir a bheith ag baint úsáide as an mBéarla.
- Tá tús curtha le trealamh agus áiseanna a aistriú go Gaeilge. Tá gá le hinfheistíocht in acmhainní as Gaeilge
- Déantar árdú feasachta ag leibhéal an ranga go mbíonn deacrachtaí breise ag roinnt páistí agus go gcaithimid ar fad tacú le chéile.
- Baintear úsáid as Bua na Cainte sa Chuan agus ag leibhéal na tacaíochta

Tá sé tábhachtach a áireamh anseo ó thaobh cumas labhairt na Gaeilge gur gá idirdhealú a dhéanamh idir ceisteanna teanga agus ceisteanna cognaíocha agus cumas agus deacrachtraí teanga agus urlabhra.



## **B Páistí ar Ardchumas:**

Is gá a áireamh i gconáí go mbíonn páistí ar ardchumas inár gcuid ranganna agus go bhfuil stráitéisí faoi leith gur féidir a úsáid chun freastal ar a gcuid riachtanais. Seo a leanas roinnt stráitéisí:

- Frásaí/ceisteanna níos dushlánaí
- Eiseamláirí breise agus eiseamláirí breise sna hábhair eile
- Tionscadail
- Ionchur ó CRS, más féidir
- Dul go ranganna eile
- Obair ar na canúintí eile
- Caighdeán níos airde a lorg uathu
- Aiseolas a thabhairt
- Aird an fhoghlaimeora a dhíriú ar fhoirm
- Dúshlán a chur ar fáil
- Foghlaim fhéinstiurtha a chur ar fáil
- Go mbeadh na páistí ag coinneáil taifid ar a gcuid dul chun cinn féin

## **C. Measúnú:**

Tuigtear don sa scoil go bhfuil géarghá le measúnú leanúnach a bheith ar siúl sa scoil le caighdeán na Gaeilge a fheabhsú. Baintear úsáid réimse leathan de stráitéisí measúnaithe chun measúnú don agus chun foghlama a chur chun cinn. San áireamh baintear úsáid as seo a leanas:

- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- Scrudaithe Dhroim Chonrach
- Próifílí measúnaithe na scoileanna lánGhaeilge
- Measúnú neamhfhoirmeáilte
- Breathnóireacht an mhúinteora
- Cruinnithe tuistí
- Féinmheasúnú - msh ag leasú/ag dréachtú/ag féincheartú/cur in eagar/TAFF, KWL srl
- Fillteáin

## **6. An Ghaeilge i Riarachán na Scoile:**

- Is mír sheasta é Múineadh na Gaeilge/Labhairt na Gaeilge ar chlár na gCruinnithe Foirne.
- 1) Nuair atá ionadaithe na dTuistí á thoghadh don bhord, cuirfear i gcuimhne dóibh, go ndéanfar gach iarracht gnó an bhoird trí mhéan na Gaeilge.
  - 2) Nuair atá an bheirt ón bpobal á thoghadh, coinneofar san aigne gur Ghaelscoil í seo agus go mbeadh muid ag súil le go ndéanfar an gnó trí mhéan na Gaeilge.
  - 3) Déanfar gnó an Bhoird trí Ghaeilge
  - 4) Agus múinteoirí nua á cheapadh, go ndéanfaí gach iarracht múinteoirí a cheapadh a thuigeann córas an tumoideachais agus foghlaim an dara teanga. Is gá ag an stád seo a mhiniú dóibh go mbeidh dualgas orthu an Ghaeilge a leathnú mar theanga labhartha cumarsáide.
  - 5) Go ndéanfaí polasaithe iomlána na scoile trí mhéan na Gaeilge agus go gcuirfear cóip ar fáil trí Bhéarla dóibh siud nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu.
  - 6) Go gceapfar rúnaí agus fostaithe eile na scoile le Gaeilge chomh fada is gur féidir.
  - 7) Sa chás go gceaptar foireann bhreis scoile, is gá a chur ina luí orthu go bhfuil dualgas orthu an Ghaeilge a úsáid agus a chinntiú nach ndéanfaidh siad sainspiorad na scoile a shárú agus iad i mbun oibre.
  - 8) Déanfar cumarsáid leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus rannóga eile de chuid an Rialtais trí mhéan na Gaeilge.

- 9) Go gcinnteofar gur i nGaeilge amháin a bpléfead le daltaí na scoile (ach amháin sa Rang Béarla) agus go n-éileodh an scoil go gcuirfead aoinna ar fáil trí Ghaeilge msh cuiditheoirí, cainteoirí, CLG srl.
- 10) Go dtacódh an Bord le timpeallacht spreagúil Gaelach a chothú
- 11) Go mbeadh úsáid na Gaeilge nó éiteas Gaelach ag baint le dreamanna a úsáideann an scoil chomh fada is gur féidir
- 12) Go ndéanfaí imeachtaí eischuraclaim na scoile i nGaeilge amháin

## 7. Tuismitheoirí agus An Ghaeilge:

Tá tuismitheoirí croílárnach do dhul chun cinn ár scoilse. Tá tábhacht thar na bearta ag baint leo, go háirithe i ndul chun cinn na Gaeilge sa scoil.

- 1) Agus tuismitheoirí ag teacht chun na scoile chun a gcuid páistí a chlárú, buaileann siad leis an bpríomhoide. Ag an gcruinniú sin, mínítear córas an tumoideachais go soiléir dóibh - ó thaobh Gaeilge i Rang na Naíonán agus an cur chuige múinteoireachta atá i bhfeidhm leis.
- 2) Mínítear an córas Gaelscolaíochta go beacht ag an bpointe seo leis. Mínítear arís é ag an gcruinniú cláracháin agus ansin ar an oíche ionductaithe agus tugtar neart deiseanna dóibh aon cheisteanna atá acu a phlé.
- 3) Mínítear leis anseo an ról atá ag tuismitheoirí in oideachas a gcuid páistí agus an bealach gur féidir leo tacú leis an scoil, agus mar thoradh ar dhul chun cinn a gcuid páistí sa Ghaelscoil.
- 4) Míníonn an Príomhoide é seo arís ag Cruinnithe Cinn Bliana na scoile chomh maith agus ag pointí eile le linn na bliana.

Tá tacaíocht na dtuistí ag teastáil go géar chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga cumarsáide na scoile.

- 5) Seo liosta de bhealaí a moltar dóibh cabhrú lena gcuid páistí:
  - Labhairt lena gcuid páistí go rialta mar gheall ar na cúinsí a roghnaigh siad Gaelscoil dóibh
  - Tacaíocht a thabhairt don scoil ó thaobh ár bPolasaí Gaeilge
  - An Ghaeilge a úsáid an oiread is gur féidir chun dea-shampla a thabhairt.
  - An Ghaeilge a úsáid i dtimpeallacht na scoile leo - agus ag teacht agus ag imeacht chun agus ón scoil dóibh.
  - Go gcloisfeadh na páistí a gcuid tuistí ag labhairt Gaeilge leis na múinteoirí
  - Go bhfeicfeadh na páistí a gcuid tuistí ag scríobh/léamh srl na Gaeilge taobh amuigh de chóras na scoile (nótaí/clúdaí litreacha srl)
  - Go mbeadh stádas feiceálach ag an nGaeilge sa teach msh leabhair Ghaeilge, cláracha teilifíse/raidio.
  - Nuair atá cuirtí/cártaí srl á thabhairt amach go mbeadh Gaeilge orthú
  - Muna bhfuil Gaeilge ar a dtail acu, moltar dóibh freastal ar ranganna Gaeilge.
  - Turais/cuairteanna a eagrú le páistí eile sa scoil taobh amuigh d'am scoile agus iad a mhealladh chun Gaeilge a úsáid. - tá sé tábhachtach go gcloisfeadh na páistí Gaeilge in úsáid, mar theanga taobh amuigh de gheataí na scoile.
  - Níosana a chruthú sa chlann roinnt Gaeilge a úsáid taobh amuigh den teach m.sh Go raibh maith agat/slán srl i siopaí chun árdú stádas a thabhairt don Ghaeilge
- 6) Tabharfar rogha do thuismitheoirí a gcuid cruinnithe a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Ag na cruinnithe seo, déanfar tagairt do labhairt na Gaeilge a gcuid páistí.
- 7) Tá ról lárnach ag tuistí in obair bhaile a gcuid páistí. Cuirfead liosta le chéile, i gcomhairle le Coiste na dTuistí maidir le frásaí agus foclaíocht a bheadh úsáideach cabhrú leis an Obair Bhaile. Má chuirtear clubanna obair bhaile ar fáil amach anseo, go mbeidh Gaeilge ag an té atá i bhfeighil.

- 8) Cuirfear liosta abhaile (Féach ar aghaidh) chuig na tuistí - go mbeimís ag súil go gcleachtóidís leis na páistí sa bhaile.
- 9) Cuirfear liosta abhaile freisin, go frásaí a mbeimís ag súil go n-usáidfídh na tuistí agus iad sa scoil - ionas nach gcloisfidh na páistí Bearla á labhairt sa scoil.
- 10) Cuirfear na tuistí ar an eolas faoi seo tríd an nuachtlitir.
- 11) Bainfear úsáid as an Nuachtlitir seachtainiúil chun dul chun na ndaltaí sa Ghaeilge a fhógairt - tá cumarsáid leis an mbaile croílárnach d'fhís na scoile agus tuigimid gur gá tuistí a chur ar an eolas faoi dhea-iompar agus dul chun cinn na daltaí. Fógrófar buaiteoirí na gcomórtas srl. Beidh Rannóg na Gaeilge dírithe ar seo. Má tá aon eolas leis maidir le himeachtaí as Gaeilge sa cheantar, roinnfear an t-eolas anseo leis.
- 12) Beifear ag súil go ndéanfadh Coiste na dTuistí gach iarracht an Ghaeilge atá acu a úsáid agus iad i mbun gnó.
- 13) Aoine na Gaeilge : go spreagtar tuismitheoirí le Gaeilge a úsáid ag an Oifig gach maidin Aoine ach go háirithe

Go mbeadh nótaí chuig tuismitheoirí dhátheangach

## 8. Measúnú:

- 1) Déanfar aithbhreithniú ar an bpolasaí ar bhonn rialtaag cruinnithe foirne le linn na bliana. Beidh sé seo ina ábhar seasta ag cruinnithe foirne amach anseo.
- 2) Cuirfear tuairisc ar aghaidh chuig an mBord mar chuid de thuairisc an phríomhoide ar bhonn rialta leis.

## 9. Cur i bhFeidhm:

Cuirfear an plean seo i bhfeidhm i Mí Dheireadh Fomhair 2007. Scaipfear é tríd an Nuachtlitir, ag CCB na dtuistí agus ag an gcruinniú Boird.

Rinneadh an polasaí seo a athbhreithniú i 2017. Déanfar athbhreithniú air arís i 2019-2020.

Daingníodh é ag cruinniú boird ar an

Siniú an Chathaoirligh:

Dáta: